# Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

11 Márta 2024 | Uimhir 27

# ☘ Seachtain na Gaeilge: ☘

| Dé Luain 11/03 | Dé Máirt 12/03 | Dé Céad 13/03 | Déar 14/03 | Dé hAoine 15/03 |
|---|---|---|---|---|
| **Tráth na gCeist**<br>*Quiz*<br><br>1.N.Bh/N.Mh<br><br>2. R1/R2/R3<br><br>Postaeir SnaG<br>Rachaidh R1 ag siúl chun a bpostaeir SnaG a chrochadh timpeall an bhaile.<br><br>Cleachtadh scoile don Pháráid<br><br>Seo Linn - …<br><br>Bí ag cleachtadh! | **Stáisiúin Scoile**<br>*School Stations*<br><br>6 stáisiúin éagsúla eagraithe ag foireann agus tuismitheoirí na scoile.<br><br>Gach rang meascatha | **Imeachtaí Idirscoile**<br>*Interschool*<br><br>1. N.Mh / R1 ag dul go Gaelscoil Uí Fhiaich<br><br>2. N Bh. ag fanacht sa scoil agus ag obair le Naí. Bheaga ó Ghaelscoil Uí Fhiaich.<br><br>3. R2/R3 ag siúl go Leabharlann Mhaigh Nuad | **Céilí Scoile Lá Glas**<br>*School Céili*<br>*Green Day*<br><br>Gach Rang<br>Halla an Champais<br>9r.n. - 11r.n. | **Imeachtaí i Halla an Ghaelcholáiste**<br>*Activities in the Hall of the Gaelcholáiste*<br><br>(R1-R3)<br><br>Cleachtadh scoile don Pháráid<br>Gach Rang |

**Gaeilge sa Chlós** *Irish in the Yard:*

**Úsáidigí cúpla focal le tuismitheoir sa chlós gach maidin an tseachtain seo. Bainigí triail as!**
*Use a few words with another parent in the yard this week. Try it!*

**Maidin Mhaith -** *Good Morning*
**Maidin álainn atá ann -** *It's a lovely morning*
**Droch-maidin atá ann -** *It's a bad morning*
**Bíodh lá deas agat -** *Have a nice day.*

**Leabharlann Maigh Nuad - Am Scéalaíochta:**
**D'iarr leabharlann Maigh Nuad orainn meabhrúcháin a thabhairt daoibh faoin Am Scéalaíochta ag tarlú sa leabharlann gach mí do pháistí suas le 2 bhliain d'aois agus páistí 3-6 bliana d'aois. Ta Nuachtlitir acu chomh maith más mian libh clarú dó agus eolas a fháil faoi imeachtaí saor in aisce ann. Tá na nasc thíos.**
*Maynooth Library - Story Time:*
*Maynooth library asked us to remind you about Story Time which happens in the library every month. They facilitate children up to 2 years of age and from 3-6 years old. They also have a Newsletter if you wish to register for this to find out about their free events. The links are below;*
*Home - Kildare Library Service (kildarecoco.ie)*

*Email Subscription Form - Kildare Library Service (kildarecoco.ie)*
—-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------
**CLG:**
**1. Naíonáin Bheaga / Naíonáin Mhóra:**
**Beidh na naíonáin bheaga agus na naíonáin mhóra in ann traenáil CLG a dhéanamh díreach i ndiaidh scoile le Declan Campbell ón gCLG Mhaigh Nuad. Tosóidh sé ar an Máirt an 9 lá de mhí Aibreáin ar a 1.10i.n. agus leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh ocht seachtaine; ceithre seachtaine de pheil agus ceithre seachtaine d'iomáint. Beidh na páistí réidh le bailiú ag an bpáirc trasna an bhóthair ón scoil ar a 2i.n.**
**Níl aon bhaint ag an scoil le seo seachas go mbeidh múinteoir ag siúl le Declan agus leis na páistí trasna an bhóthair chuig an bpáirc. Fágfaidh an múinteoir ansin le teacht ar ais chuig an scoil.**
**Má theastaíonn uait do pháiste a chlárú, líon isteach an fhoirm seo,**
**https://forms.gle/fcBrQbHWYhWNNEUf8**
**Siúlfar aon pháiste a théann ar ais go Kids Inc ar ais go clós na scoile i ndiaidh agus baileoidh Kids Inc iad ón gclós ansin.**
**Beidh cosaint fiacla de dhíth ó gach páiste chun páirt a ghlacadh.**

**2. R1/R2/R3:**
**Beidh R1/R2 agus R3 ag traenáil le Declan Campbell ón gCLG Mhaigh Nuad agus le Múinteoir Colm agus Múinteoir Clíona. Tosóidh siad ar an Máirt an 9 lá de mhí Aibreáin ar a 2.10i.n. agus beidh siad réidh le bailiú ag an bpáirc ar a 3.00i.n. Tosóidh siad amach le peil chomh maith. Má theastaíonn uait do pháiste a chlárú, líon isteach a fhoirm seo,**
**https://forms.gle/fcBrQbHWYhWNNEUf8**
**Siúlfar aon pháiste a théann ar ais go Kids Inc i ndiaidh ar ais go clós na scoile agus baileoidh Kids Inc na páistí ón gclós ansin.**
**Beidh cosaint fiacla de dhíth ó gach páiste chun pairt a ghlacadh.**

*GAA:*
*1. Junior Infants / Senior Infants:*
*Junior and Senior Infants will be able to commence GAA training immediately after school with Declan Campbell from Maynooth GAA. He will start on Tuesday 9th April at 1.10p.m. and will continue for eight weeks; four weeks of football and four weeks of hurling. The children will be ready for collection from the pitches across the road from the school at 2p.m. The school is not involved in this training other than walking the children*

*across the road to the pitches with Declan. The teachers will then leave to come back to school. If you would like to register your child for this after-school GAA training, please do so by the following link,* **https://forms.gle/fcBrQbHWYhWNNEUf8**
*Any child that is to return to Kids Inc afterwards will be walked back to the school yard and collected by Kids Inc from there.*
*Everyone will need a mouth guard to take part.*

*2. 1st/2nd/3rd Class:*
*1st/2nd and 3rd class will train with Declan Campbell from Maynooth GAA and with Múinteoir Colm and Múinteoir Clíona. They will also start on Tuesday 9th April at 2.10p.m. and will be ready for collection from the pitches across the road at 3.00p.m. They will also start with football. If you would like to register your child, please do so through the following link,* **https://forms.gle/fcBrQbHWYhWNNEUf8**
*Any child who is to attend Kids Ins afterwards will be walked back to the school yard where they will be collected by Kids Inc.*
*Everyone will need a mouth guard to take part.*

---

**Abair Sea go Teangacha- Spáinnis:**
**Táimid mar chuid don scéim píolótach atá ag an Roinn Oideachais i mbliana an triú teanga a mhúineadh do phaistí R3-R6 i mbunscoileanna.**
**Beidh R3 ag déanamh ranganna spáinnse le Múinteoir Clíona le linn am scoile ar feadh ocht seachtaine ag tosú i mí Aibreán. Tá súil againn go dtaitneoidh siad leo.**
*Say Yes to Languages - Spanish:*
*We are part of a pilot project this year with the Department of Education where a third language is taught to children from 3rd to 6th class. 3rd class will have eight weeks of Spanish classes with Múinteoir Cliona during school hours and this will start in April. We hope they all enjoy the lessons.*

---

**Coiste na dtuismitheoirí:**
**1. Ranganna Gaeilge:**
**Leanfaidh na ranganna do thosaitheoirí ar aghaidh amárach ar a 8.00i.n. Tá siad ag dul ar aghaidh ar Zoom anois. Tá fáilte roimh thuismitheoirí nua clárú. Ní gá ach teagmháil a dhéanamh linn ag** coistetuisti@gaelscoilruairi.ie
**Leanfaidh na ranganna comhrá ar aghaidh sa scoil ar an Déardaoin ar a 8i.n.**
**Tá fáilte roimh chách!**

**2. Lotto na Scoile:**
**Comhghairdeas le Louise Martin a bhuaigh €20 agus bosca seacláide ar an Aoine.**
**Seasann an pota óir ar €1,375 anois. Go n-éirí go geal le gach duine!**

**3. Geansaithe Peile:**
**Ba bhreá linn geansaithe peile O'Neills a fháil don scoil de bharr go mbeidh Rang a 3 ag tosú cluichí le Cumann na mBunscol i mbliana. Dá mbeadh aithne ag aon duine ar chomhlacht a d'fhéadfadh urraíocht a chur ar fáil dúinn agus lógó a fháil ar gheansaithe na scoile bheimis buíoch dá dtiocfadh sibh i**

**dteagmháil linn ag coistetuisti@gaelscoilruairi.ie**

**4. Paráid Naomh Pádraig:**
**Beidh an Coiste ag Paráid Naomh Pádraig i Maigh Nuad le pobal Ghaelscoil Ruairí arís i mbliana. Beidh an paráid ar siúl ó a 11r.n. - 12i.n. ar an Domhnach. Nuair a bheidh a thuilleadh eolais againn faoin ionad coinní déanfar teagmháil le gach duine. Iarrtar ar na páistí gléasadh mar fhoghlaithe mara nó mar shaighdúirí nó gardaí agus pé frapaí a bheadh in oiriúnt a thógáil leo. Beidh siad ag canadh an amhráin, 'Oró 'Sé do Bheatha Abhaile' ag an seastán ar an lá.**

*Parents' Committee:*
*1.Irish Classes:*
*The beginners' classes will continue tomorrow night at 8p.m. These classes are now taking place on Zoom and new parents are very welcome to join. Contact us at* **coistetuisti@gaelscoilruairi.ie** *if you would like to join.*
*The conversational classes will continue in the school on Thursday night at 8pm.*
*Everyone is welcome!*

*2. Lotto:*
*Congratulations to Louise Martin who won €20 and a box of chocolates on Friday. The jackpot now stands at €1,375. The very best of luck to everyone.*

*3. School Jerseys:*
*We would like to get O'Neill's school jerseys for the school as rang a 3 will start matches this year with Cumann na mBunscol. If anyone knows of any company that would sponsor these jerseys and have their logo included on them please contact us at coistetuisti@gaelscoilruairi.ie*

*4. St.. Patrick's Day Parade:*
*The committee will be at the St. Patrick's day parade with Gaelscoil Ruairí's school community again this year. The parade is taking place between 11am and 12p.m. in Maynooth on Sunday. We will be in touch with everyone as soon as we hear more about our meeting point. The children are asked to dress as pirates, soldiers or protectors and bring any props they feel appropriate. They children will be singing 'Oró Sé do Bheatha Abhaile' at the stand on Sunday.*

---

**Ranganna Ucailéile:**
**Leanfaidh na ranganna ucailéile ar aghaidh le Múinteoir Cáit ar an gCéadaoin i ndiaidh scoile ó a 2.10i.n. - 3.10i.n.**
*Ululele Classes:*
*The Ukulele classes with Múinteoir Cáit will continue after school on Wednesday from 2.10pm - 3.10p.m.*

---

**NCSE:**

Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

11 Márta 2024 Uimhir 27

**Táimid fós ag fanacht ar an NCSE chun an Mháirt an 19 lá de mhí an Mhárta a chinntiú linn mar dháta don dúnadh scoie i mbliana don oiliúnt foirne. Ár leithscéal faoi seo.**

*NCSE:*

*We are still awaiting on the NCSE to confirm whether they will be closing the school on Tuesday 19th March for staff training. Our apologies in relation to this.*

—---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**Turais Scoile:**

**1. Naíonáin Bheaga / Naíonáin Mhóra - Feirm Chluain Fearta - Dé Máirt 4 Meitheamh - Ar ais ar a 1.10i.n.**

**Praghas: €15 an duine**

**Thriving Local Farm | Family Day-Out | Clonfert Pet Farm**

**2. Rang 1 - Teach Ghort na Carraige, Co. na Mí - Dé Céadaoin 19 Meitheamh - Ar ais ar a 3i.n.**

**Praghas: €25 an duine**

**Primary School Tours Dublin/Meath - Causey Farm**

**3. Rang 2/ Rang 3 - Ionad Eactraíochta Lilyput - Dé Máirt 25 Meitheamh - Ar ais ar a 4i.n.**

**Praghas: €40 an duine**

**School Tours 2024 | Lilliput Adventure Centre**

**Tógfaidh gach páiste a lón féin leo ar an lá. Cuirfear a thuilleadh eolais amach faoi na nithe a bheidh de dhíth orthu níos giorra den am.**

**Is iad na praghasanna thuas na praghasanna laghadaithe i ndiaidh don bhord bainistíochta €600 a íoc as airgead atá tiomsaithe i mbliana.**

*School Tours:*

*1. Junior Infants / Senior Infants - Clonfert Pet Farm - Tuesday 4th June - Back to the school at 1.10p.m.*

*Price: €15 per child*

*https://www.clonfertpetfarm.com/*

*2. First Class - Rockfield House - Wednesday 19th June - Back to school at 3p.m.*

*Price - €25 per child*

**Primary School Tours Dublin/Meath - Causey Farm** *(Rockfield House)*

*3. Second / Third Class - Lilyput Adventure Centre - Tuesday 25th June - Back to the school at 4p.m.*

*Price - €40 per child*

*https://lilliputadventure.com/school-tours/*

*The children will all take their own packed lunch with them on the day. More information in relation to what the children will need to bring with them on the day will follow closer to the time. The above prices are the reduced prices after the board of management has paid €600 towards their cost from fundraising money.*